Acmhainn 7 (Gníomh 3)

Scéalta ón Saol (1 de 2)

Chuir daoine óga na scéalta seo chuig an suíomh Gréasáin www.talktofrank.com Tá tuilleadh faisnéise faoi dhrugaí agus tuilleadh scéalta ón saol ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo.

Ní Bhíonn a Fhios Agat Riamh Cá hÁit a dTabharfaidh Turas Thú

Téann drugaí i gcion ar dhaoine éagsúla ar bhealaí éagsúla, ach ní dhéanfaidh mise agus mo chairde dearmad choíche ar an bhealach a ndeachaigh siad i gcion orainn. Bhí muid ag caitheamh drugaí difriúla ag an am amháin agus, ar dtús, bhí an *buzz* ar fheabhas. Bhí muid ag caitheamh cannabais, ice agus bhí LSD ag cuid againn. Bhí droch*trip* á fhulaingt ag duine de mo chara ar an LSD. Ar dtús, shíl sé go raibh muid uile ag leá agus go raibh lathraigh á ndéanamh dínn, rud a chuir fíoreagla air mar go bhfuil muid an-dlúth lena chéile. Ansin, i ndiaidh tamaill, thosaigh sé ag smaoinemah go raibh vaimpírí agus zombaithe ar fud na háite, rud a chuir eagla mo chraicinn orm mar go raibh mé iontach *stoned* agus ba bheag nach raibh *whitey* agam.

I ndiaidh tamaill, thit mo chara i laige sa seomra cúil, agus ní dhearna gach duine ach é a fhágáil ansin agus aghaidh a thabhairt ar an seomra tosaigh. Gach duine ach amháin mé féin, is é sin le rá. Bhí muid an-mhór lena chéile agus níor mhaith liom é a fhágáil, ach anois sílim gur cheart dom sin a dhéanamh. Bhí mé ag caint le mo chara, cé go raibh sé gan aithne, mar a shíl mé. I ndiaidh tamall beag, d'éirigh sé ina shuí, a dhroim leis an bhalla in aice liom. Níor chuir mé sonrú sa dóigh a raibh sé ag amharc orm. Shíl mé go raibh sé ag tabhairt an dhrochshúil orm cionn is go raibh sé ar na ribí, ní cionn is go raibh sé i lár droch*trip*. Ansin tharla an rud gan choinne. Thiontaigh mé le hamharc air nuair a mhothaigh mé a chuid lámh thart ar mo mhuineál. Thosaigh sé ag fáscadh níos teinne agus níos teinne agus thosaigh mé go mall ag tachtadh agus bhuail mé é lena raibh ionam le tabhairt air mé a scaoileadh. D'éirigh liom scread bheag a ligean agus tháinig mo chairde eile de ruathar an doras isteach gur shrac uaim é. Thosaigh mé ag casachtach agus ag fáil m'anáil liom arís, ach ba é sin an uair dheireanach a chaith sé LSD.

Cúpla Gal De Bharraíocht

Tá mé 15 bliana d'aois agus tá mé fós ag freastal ar scoil faoi láthair. Bhí ag éirí go breá liom go dtí gur bhuail mé le duine a bhí in ann *hash* a fháil dom. Bhí seo ar dóigh mar bhain me taitneamh riamh as é a chaitheamh ach ní raibh mé in ann teacht air; mar sin, níor chaill mé an deis. D'fhaighinn leathunsa gach Satharn ar £30. Chaitheadh mise agus an cara is fearr liom thart ar ocht ndúidín eadrainn gach oíche go dtí go mbeadh sé críochnaithe, mar sin fuair mé seal sa bhreis sa bhialann ina n-oibrím le bheith in ann tuilleadh unsaí a cheannach. Roimh i bhfad, bhí mé ag codladh níos faide agus mhothaigh mé go raibh an scoil leadránach amach is amach. D'fhágadh mise agus mo chara an scoil agus théadh le cannabas a chaitheamh. Ba chuma linn faoinár n-oideachas níos mó. Bhí seisean ag fágáil um Nollaig cibé ar bith le bheith ina leictreoir, ach bhí rún agam dul ar coláiste le bheith i m'oifigeach sa RAF. Ach tá barraíocht den oideachas caillte agam agus ní féidir liom teacht suas leis an obair.

Níor shíl mé riamh go raibh *hash* in ann sin a dhéanamh; shíl mé gur druga lag a bhí ann, druga a chaitheann a lán daoine. Ach anois, mar go raibh dúil agam ina bheith *stoned*, níl mé in ann mian mo chroí a dhéanamh, mar gheall ar *hash*.

Acmhainn 7 (Gníomh 3)
Scéalta ón Saol (2 de 2)

Níl Sé Leath Chomh Dóighiúil Agus a Bhíodh

Tá mé ag siúl amach leis an ghasúr seo leis na cianta agus caitheann sé *wingers* (eacstais).

Níor chuir sé isteach orm i ndáiríre mar nach ndearna sé chomh minic sin é, ach anois caitheann sé iad an t-am ar fad, bíonn sé ar na ribí beagnach gach lá...

D'iarr mé air gan iad a chaitheamh oíche amháin agus thoil sé sin a dhéanamh, ach bhí sé chomh cíocrach sin chucu gur éirigh sé iontach mioscaiseach agus bhí sé iontach sotalach liom. Thug mé neamhaird air, ach d'éirigh sé chomh feargach gur bhuail sé mé agus ní bhíonn sé riamh mar sin. Anois bíonn eagla mhór orm ina theannta ar eagla go mbuailfeadh sé mé.

Níl sé leath chomh dóighiúil agus a bhíodh; bhíodh sé an-ard agus tathagach le matáin le spáráil aige. Ach anois tá na múrtha spotaí aige agus chaill sé smacht air féin. D'éirigh sé ró-éadrom agus bíonn cuma fhíorthinn air; is cráite an saol é dó agus níl sé ach 15 bliana d'aois.

Piarbhrú

Nuair a bhí mé go díreach i ndiaidh Bliain 10 a chríochnú, ní raibh mé ag iarraidh rud ar bith leagtha amach roimh ré le linn na laethanta saoire. Ní raibh uaim ach dul go dtí an pháirc le bheith ag guairdeall thart le mo chuid cairde. Bhí sé go breá ar dtús, muid ag cabaireacht lena chéile agus buidéal *alcopop* ag duine éigin anois is arís.

I ndiaidh dhá sheachtain, bhí muid ag caitheamh bosca toitíní sa lá, ar a laghad, agus ag cur líotar biotáille, ar a laghad, dínn – cúigear againn. Chuir mo mham ceist orm faoi dhrugaí sa pháirc, ach ní dhearna mé ach gach rud a shéanadh. Bhí a fhios agam go mbíonn daoine ag díol *weed* ann, ach níor fhiafraigh mé de dhuine ar bith faoi mar nár mhaith liom an t-eolas a bheith agam.

Nuair a tháinig mé ar ais i ndiaidh seachtaine ar saoire, bhí rudaí imithe in olcas. Bhí daoine ag goid alcóil óna dtithe, agus ó na siopaí áitiúla. Ach, an rud is measa ar fad, thosaigh cuid de na cairde is fearr liom ar chaitheamh cannabais.

"Ba cheart duit triail a bhaint as am éigin," arsa an cara is fearr liom, "ná bíodh imní ort, tabharfaidh muid aire duit."
Bhí sé chomh seanchaite sin, shíl me nach raibh sé ag tarlú go fírinneach. Choisc mé cibé amhras a bhí orm agus d'aontaigh mé dul chuig an pháirc leo an chéad deireadh seachtaine eile.

Faoin am seo, bhí muid ar ais ar scoil, mar sin, i ndiaidh na scoile Dé hAoine, chuir muid athrach éadaigh orainn agus chuaigh muid suas go dtí an pháirc. Níor tháinig duine de mo chairde linn, ná níor thug sí míniú ach oiread. Bhí mé ag dúil go dtiocfadh sí, ach níor dhúirt mé rud ar bith léi.

Dé Luain, ar ais ar scoil, cuireadh fios orm le haghaidh fiosrú drugaí. D'admhaigh muid gach rud, agus cuireadh cuid de na daoine as scoil as cannabas a sholáthar. Baineadh siar asam, agus bhí a fhios agam go mbeadh orm an scéala a insint do mo mham. D'admhaigh an cara nár tháinig Dé hAoine liom gur inis sí do dhuine de na múinteoirí. Ar dtús, bhí fearg orm mar gur bhraith mé go raibh an locht uile uirthi – ach anois tá mé fíorbhuíoch gur inis sí. Ina héagmais, ní fios cá mbeinn inniu.

Acmhainn 8 (Gníomh 3)

Fáthanna a nÓlann Daoine

Thíos tá liosta d'fháthanna a thugann daoine as alcól a ól. Do gach ráiteas, déan cinneadh cad é a shíleann tú: tá an fáth sin maith go leor, tá sé maith go leor amanna, nó níl sé maith go leor. Ansin cuir tic sa bhosca chuí. (Tá spásanna bána fágtha duit le do smaointe féin a scríobh fosta.)

	Maith go leor	**Maith go leor amanna**	**Níl sé maith go leor**
Ólaim le cuidiú liom mo scíth a ligean			
Ólaim le cion a nochtadh			
Ólaim mar cuireann sé mothúchán maith ionam			
Ólaim de bharr brú ó mo chairde			
Ólaim mar cuidíonn sé liom titim i mo chodladh			
Ólaim mar taitníonn an blas liom			
Ólaim le rud a cheiliúradh			
Ólaim le cuidiú liom rudaí leadránacha a dhéanamh			
Ólaim le dearmad a dhéanamh ar mo bhuarthaí			
Ólaim mar tugann sé muinín dom			
Ólaim le bheith cuideachtúil			
Ólaim mar nach bhfuil faic eile le déanamh			
Ólaim nuair atá fearg orm			
Ólaim le bheith ar meisce			
Ólaim mar gur cuid mhór de m'fhéiniúlacht é			
Ólaim de bharr cleachtaidh			